



*Rewarding Learning*

**General Certificate of Secondary Education  
2025**

---

**Irish**

Unit 1: Listening

Higher Tier

**[GIH12]**

**FRIDAY 23 MAY, MORNING**

---

# **TRANSCRIPT**

Audio 'beep' to precede each question

Questions 1 – 12 insert 7 and 12 second pauses

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

*Pause 5 minutes*

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 Saol na scoile

Choinnigh an príomhoide grúpa scoláirí istigh ag am lóin.  
Labhraíonn an múinteoir foirme leo.

*F* (a) Ní raibh an príomhoide sásta leat, a Sheáin. Cén fáth?

*M* Bhí mé ag imirt cluichí ar mo ghuthán sa rang.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* (b) Ní raibh an príomhoide sásta leat, a Phádraig. Cén fáth?

*M* Bhuail mé buachaill eile i mo rang. Tá brón orm anois.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* (c) Ní raibh an príomhoide sásta leat, a Eoin. Cén fáth?

*M* Tháinig mé ar scoil inné agus bhí bríste géine orm in ionad bríste scoile.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* (d) Ní raibh an príomhoide sásta leat, a Ruairí. Cén fáth?

*M* Bhí Mata le déanamh agam aréir agus ní dhearna mé é.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

2 Mo theaghlach

Cluineann tú comhrá idir Nóra agus a cara.

*M* (a) Cad é mar atá an saol agat, a Nóra?

*F* Go maith. An cuimhin leat Colm? Phós mé anuraidh é.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (b) Comhghairdeas leat.

*F* Go raibh maith agat. Tá leanbh againn anois.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (c) Agus an bhfuil tú ag teagasc go fóill?

*F* Tá, cinnte. Is maith liom mo phost.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (d) An bhfuil tú i do chónaí sa bhaile?

*F* Tá. Tá mé i mo chónaí in aice le séipéal.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

3 Sa bhaile mhór

Cluineann tú daoine ag caint.

*M* (a) An dtig liom cuidiú leat, a Niamh?

*F* Thig. Tabhair dom mála prátaí, le do thoil.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (b) A Áine, cad é ba mhaith leat?

*F* Ba mhaith liom liathróid a cheannach.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (c) Cad é ba mhaith leat, a Nuala?

*F* Ba mhaith liom cúpla stéig, le do thoil.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (d) A Bhríd, cad é ba mhaith leat?

*F* Ba mhaith liom cuntas taisce a oscailt.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

4 Laethanta saoire

Tá Pól ag cur síos ar a laethanta saoire.

F (a) An ndeachaigh tú ar laethanta saoire i mbliana, a Phóil?

M Chuaigh. Chuaigh mise agus mo thuismitheoirí go Gaillimh.

*Pause 7 seconds and repeat*

F (b) Cá raibh sibh ag stopadh?

M Cheannaigh muid puball mór agus bhí muid ag stopadh sa phuball.

*Pause 7 seconds and repeat*

F (c) An raibh sé sin praiticiúil?

M Bhí, ó thaobh airgid de mar ní raibh sé daor ach ní raibh sé praiticiúil nuair a bhí sé ag cur fearhainne.

*Pause 7 seconds and repeat*

F (d) An raibh sibh ag stopadh sa chathair?

M Ní raibh. Ní maith linn saol na cathrach. Bhí muid ag stopadh cóngarach don trá.

*Pause 7 seconds and repeat*

F (e) Cad é a rinne tú ar do laethanta saoire?

M Ghlac mé grianghraif.

*Pause 7 seconds and repeat*

F (f) Ar mhaith leat dul ar ais go Gaillimh arís?

M Ba mhaith mar bhí na laethanta saoire thar barr.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

5 Future plans

Rhóna and Peadar talk about what they want to do after leaving school.

*F* (a) A Pheadair, cad é atá tú ag dul a dhéanamh nuair a fhágfaidh tú an scoil?

*M* Tá mé ag dul a cheannach gluaisrothair.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* (b) Ní chreidim thú.

*M* Bhuel, fan go bhfeicfidh tú, agus beidh mo chuid gruaige fada agus beidh féasóg mhór orm.

*Pause 7 seconds and repeat*

*F* (c) Ní aithneoidh mé thú.

*M* Agus cad fút féin, a Rhóna?

*F* Tá mé ag dul a dhéanamh cúrsa a bhaineann le smideadh.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

6 My local area

Síle and Liam talk about their towns.

*M* (a) Cá bhfuil tú i do chónaí, a Shíle?

*F* Tá mé i mo chónaí i mbaile beag. Is baile turasóireachta é.

*M* An mbíonn sé ciúin sa gheimhreadh?

*F* Ní bhíonn. Tá óstán cúig réalta sa bhaile agus tá clú mór air. Tugann na mílte daoine cuairt air gach bliain. Is freastalaí mé san óstán. Bíonn sé suimiúil bualadh le daoine difriúla agus a scéalta a chloisteáil.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (b) Rugadh i mBéal Feirste mé agus chaith mé mo shaol sa teach ina bhfuil mé anois.

*F* An bhfuil tú sásta i mBéal Feirste?

*M* Tá mar tá aithne agam ar a lán daoine agus réitím go maith leo.

*F* Ar mhaith leat a bheith i do chónaí faoin tuath?

*M* Níor mhaith. Téim chuig aonach i lár na cathrach gach Satharn agus labhraím leis na feirmeoirí atá ag díol ansin. Is cinnte nach bhfuil saol furasta acu faoin tuath.

*F* Sílim go bhfuil saol níos sláintiúla againn faoin tuath.

*M* Ní aontaím leat. Ní dhéanann saol na cathrach dochar ar bith dom. Bím gnóthach an t-am ar fad ach is fearr liom a bheith mar sin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

7 Free time

Cillian and Niamh talk about their free time.

*M* (a) A Niamh, cad é a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?

*F* Is amhránaí maith mé agus bíim ar an ardán ag an deireadh seachtaine.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (b) An mbíonn am agat do chaitheamh aimsire ar bith eile?

*F* Amharcaim ar an teilifís ó am go ham. Is maith liom a bheith ag amharc ar scannáin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (c) Téim chuig an óstán gach oíche Shathairn.

*F* Cad é a bhíonn ar siúl?

*M* Bíonn tráth na gceist ar siúl. Tá mise agus mo chara ar fhoireann.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

8 Health

Four friends talk about accidents they had.

*M* (a) A Mháire, cad é a tharla duit?

*F* Ghortaigh mé mo ghualainn.

*M* Cad é mar a rinne tú sin?

*F* Bhí mé ag marcaíocht agus thit mé den chapall.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (b) A Áine, cad é atá ort?

*F* Bhris mé fiacail aréir.

*M* Cad é a tharla?

*F* Bhí cóisir Oíche Shamhna ag mo chairde. Bhí mé ag ithe cnónna agus bhris mé fiacail.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (c) A Chiara, an bhfuil tú go maith?

*F* Níl mé. Tá pian i mo chluas atá ag cur isteach orm.

*M* Gabh chuig an ionad sláinte.

*F* Níl mé ábalta coinne a fháil inniu.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (d) A Leona, chuala mé go bhfuil tú nimhneach.

*F* Tá. Tá mo sciathán nimhneach.

*M* Cad chuige?

*F* Déanaim aclaíocht gach lá ach rinne mé barraíocht inné agus tá mé nimhneach inniu.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

9 Customs

Síle and Ruairí talk about a special day.

- F* (a) Gach bliain, bíonn daoine ar fud an domhain ag ceiliúradh do ‘Lá Domhanda na Leabhar’.

*Pause 7 seconds and repeat*

- M* (b) An mbeidh sé ar siúl i mí an Mhárta?

- F* Beidh. Gach bliain déanann daoine an lá a cheiliúradh ar an chéad Déardaoin den mhí.

*Pause 7 seconds and repeat*

- M* (c) An bhfuil an lá tábhachtach?

- F* Tá. Spreagann an lá suim sa léitheoireacht.

*Pause 7 seconds and repeat*

- M* (d) Cad é a tharlaíonn ar an lá?

- F* Glacann na mílte siopaí leabhar páirt sa lá agus faigheann gach scoláire dearbhán.

*Pause 7 seconds and repeat*

- M* (e) Bíonn craic againn ar scoil.

- F* Bíonn. Cuireann na daltaí culaith speisialta orthu le bheith cosúil le carachtar as leabhar.

*Pause 7 seconds and repeat*

- M* (f) Thaitin sé go mór liom anuraidh.

- F* Fuair mise duais ón phríomhoide don chulaith is fearr.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

10 Part-time jobs

You hear a radio advert for work.

*M* (a) Ar mhaith leat obair dheonach a dhéanamh le daoine óga?

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (b) Déanann daoine óga atá gan scileanna taithí oibre i mo bhialann. Ní fhaigheann siad pá ach foghlaimíonn siad scileanna cócaireachta.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (c) Tá duine de dhíth orm le cuidiú liom. Caithfidh an duine a bheith foighneach.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (d) Bíonn na daoine óga ag obair sa chistin liom agus bíonn siad ag obair ar an scipéad chomh maith.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (e) Má tá tú ag iarraidh cuidiú liom sa bhialann déan teagmháil liomsa, an t-úinéir. Ná cuir scairt ar an stáisiún raidió.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

11 My family

Lorcán and Fíona talk about a family celebration.

*F* (a) A Lorcáin, an dtig leat cuidiú liom? Tá mé ag iarraidh cóisir a reáchtáil.

*M* Cinnte. Cad é atá le déanamh?

*F* Caithfidh mé an bia a cheannach. An dtiocfaidh tú liom?

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (b) Cad é an ócáid?

*F* Bhain mo dhaidí céim amach. Bhí sé ag obair i rith an lae agus ag déanamh staidéir gach oíche. Bhí sé iontach deacair dó ach d'éirigh leis.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (c) Tuigim. Caithfidh an teaghlach agus a chairde teacht le chéile leis an ócáid a cheiliúradh leis.

*F* Fuair muid uaireadóir mar bhronntanas dó.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* (d) An bhfuil a fhios ag do dhaidí go bhfuil plean agat?

*F* Níl. Tíocfaidh sé abhaile agus beidh gach duine ag fanacht sa teach. Is dócha go mbeidh iontas air.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

12 New technology

You hear a radio interview about young people and social media.

- M* (a) Dia daoibh. Is mise Enda Ó Raghallaigh ag teacht chugaibh beo ón stiúideo i nDoire. Tá Máire anseo liom inniu.

Á Mháire, de ghnáth nuair a fheicim duine óg sa tsráid ní bhíonn sé gan scáileán nó cluasáin. Níl sé sin sláintiúil.

*Pause 7 seconds and repeat*

- F* (b) A Enda, tá mé dubh dóite leis an argóint sin.

*Pause 7 seconds and repeat*

- M* (c) Sílim go gcuireann daoine óga iad féin i mbaol agus iad ar na meáin shóisialta.

- F* Ní aontaím leat. Tá neart buntáistí ag baint leis an teicneolaíocht nua.

*Pause 7 seconds and repeat*

- M* (d) Cén sórt buntáistí?

- F* Is féidir aithne a chur ar dhaoine. Tá cúig chéad leantóir agam.

- M* Tá sé sin contúirteach. Sílim nach bhfuil an chuid is mó de na daoine atá ar líne ionraic.

- F* Bím féin iontach cúramach.

*Pause 7 seconds and repeat*

- M* (e) An gcuireann rud ar bith isteach ort agus tú ar líne?

- F* Cuireann sé isteach orm go bhfuil barraíocht fógraí ar líne.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

This is the end of the recording.